Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2023/307

17.10.2023

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## an 19 Meán Fómhair 2023

## lena gceaptar comhalta amháin de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Iodáil

(C/2023/307)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint do liostaí na n-iarrthóirí a chuir rialtais na mBallstát agus eagraíochtaí na bhfostaithe agus eagraíochtaí na bhfostóirí faoi bhráid na Comhairle,

Ag féachaint do liostaí na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaithi an 28 Márta 2023 ([2]), cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Thíolaic an eagraíocht fostóirí CEC togra le haghaidh post amháin atá le líonadh san Iodáil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas ina chomhalta de Bhord Bainistíochta EU-OSHA don tréimhse dar críoch an 31 Márta 2027:

IONADAITHE EAGRAÍOCHTAÍ FOSTÓIRÍ

| Ballstát | Comhalta |
|---|---|
| an Iodáil | Marco LUPI |

*Airteagal 2*

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) (IO C 116, 31.3.2023, lch. 19).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

P. NAVARRO RÍOS